



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Leas-Uachtarán um Straitéis agus Rannpháirtíocht Sheachtrach
Scoil Aonad:	Oifig Pleanála agus Taighde Institiúide
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair (más ábhartha):	Anailísí Taighde Institiúide
Tréimhse an Phoist:	Conradh Sealadach/Seasta - 5 bliana
Grád:	Oifigeach Riaracháin II
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:	Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár – Leibhéal Gairme 3
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:	2025-10-076
Bainisteoir Líne:	Stiúrthóir Taighde Institiúide & Anailísíochta nó a (h)ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	019484
Riarthóir Acmhainní Daonna:	Qiong Zhang

Achoimre ar an bPost:

Tacóidh an tAnailísí Taighde Institiúide go príomha le próisis cinnteoireachta agus pleanála straitéisí na hollscoile trí thacaíocht fhaisnéisbhunaithe a sholáthar agus cuirfidh siad le cuspóirí lárnacha na hOifige Taighde Institiúide.

Tá ról lárnach ag an tAnailísí Taighde Institiúideach chun tacú le pleanáil straitéiseach, cinnteoireacht agus éifeachtúlacht institiúide na hollscoile. Tá an post seo freagrach as sonraí institiúide a bhailiú, a anailísiú, a léirmhíniú agus a scaipeadh chuig geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha. Mar shampla, tacú le hathbhreithniú, pleanáil, riarachán agus anailís suirbhéanna mac léinn ollscoile agus náisiúnta agus anailís agus faisnéis institiúideach thráthúil agus chruinn a ullmhú chun pleanáil agus cinnteoireacht a éascú.

Bainfidh an ceapaí leas as réimse uirlisí agus modheolaíochtaí chun léargais chruinne, tráthúla, agus tábhachtacha a sholáthar a thacaíonn le spriocanna acadúla, riaracháin, agus straitéiseacha. Freisin, oibreoidh siad chun dea-cháil UCD a fheabhsú go seachtrach.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Anailís Sonraí agus Tuairisciú:

- Taighde agus anailís cainníochtúil agus cáilíochtúil a dhéanamh ar ábhair institiúide éagsúla.
- Sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu chun riachtanais thuairiscithe inmheánacha agus seachtracha a chomhlíonadh, lena n-áirítear tuarascálacha reachtúla agus tionscnaimh thagarmharcála/rangúcháin institiúideacha.
- Tuarascálacha rialta a fhorbairt agus a ullmhú do raon lucht féachana inmheánach (mar sh. Foireann Bainistíochta na hOllscoile, Ceannairí Scoile) agus gníomhaireachtaí seachtracha.
- Cláir eolais agus léirshamlú a chruthú agus a fhorbairt (ag baint leas as uirlisí ar nós Tableau, Power BI) chun méadrachtaí agus treochtaí riachtanacha institiúideacha a chur in iúl go héifeachtach do lucht féachana leathan.

Bainistíocht Sonraí agus Caighdeán:

- Cruinneas agus sláine sonraí a chinntiú trí nósanna imeachta rialachais sonraí agus seiceálacha cáilíochta a chur i bhfeidhm agus a dhoiciméadú.

- Sonraí iomchuí, iontaofa, agus tráthúla a shainnaithe agus a scaipeadh le tráchtareacht/anailís ábhartha de réir mar is gá.
- Oibriú le comhghleacaithe chun tuarascálacha a fhorbairt ag baint leas as uirlisí léirshamhlú sonraí chun cumarsáid agus feachtas ar shonraí agus ar fhaisnéis ollscoile a fheabhsú.

Suirbhé agus Tacaíocht:

- Cuidiú le dearadh, riarachán, agus anailís suirbhéanna institiúide, ar nós suirbhéanna mac léinn agus foirne.
- Tacú le timthriallta athbhreithnithe cáilíochta agus pleanála straitéisí na gColáistí, na Scoileanna agus na nInstitiúidí.
- Tionscadail taighde institiúideacha bliantúla a fhorbairt agus a chur ar fáil (mar sh. pleanáil chomhtháite.)
- Oibriú le comhghleacaithe ar fud na hollscoile chun próifíl UCD a fheabhsú, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí margaíochta agus cumarsáide agus aighneachtaí chuig gníomhaireachtaí rátála.

Comhairliúchán agus Cumarsáid:

- Freagraí a thabhairt d'iarratais ar shonraí agus ar fhaisnéis ó fhoireann agus dámh na hollscoile.
- Sonraí casta agus torthaí anailíseacha a chur in iúl do lucht féachana teicniúil agus neamhteicniúil araon i gcur i láthair scríofa agus ó bhéal atá soiléir, gonta agus mealltach.
- Comhoibriú le geallsealbhóirí chun riachtanais sonraí a thuiscint agus réitigh a sholáthar.
- Seirbhísí taighde institiúideacha ar ardchaighdeán a chinntiú le fócas ar sheirbhís do chustaiméirí.

Forbairt Ghairmiúil:

- Fanacht suas chun dáta le dea-chleachtais, treochtaí, agus modheolaíochtaí i dtaighde institiúide, anailísíocht sonraí, agus ardoideachas.
- Páirt a ghlacadh in eagraíochtaí gairmiúla, i gceardlanna, agus in oiliúint chun scileanna a fheabhsú.
- Aon tionscadail nó gníomhaíochtaí eile de réir mar a threoraíonn Stiúrthóir Taighde Institiúide & Anailísíochta

95 Scála Tuarastail Oifigeach Riaracháin li_2010 (0173_X): €51,999 - €66,464 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirilínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht don iomaíocht agus eolas faoi phinsean le fáil ag

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilityto Compete/>

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag

<https://www.ucd.ie/workatucd/diversity>

Soláthrófar socrúithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Teaghlaigh Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Poist um **Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár** agus ailíníonn sé le **Leibhéal Gairme 3**. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus na príomhinniúlachtaí leagtha amach sa Chreat Teaghlaigh Poist ar fáil ag:

<https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- De ghnáth, 3-4 bliana de thaithí ghairmiúil ag obair i ról a bhaineann le hanailís sonraí nó taighde in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal, agus/nó céim tríú leibhéal i réimse ábhartha ar nós: Eolaíocht Sonraí, Staitisticí, Ríomheolaíocht, Eolaíochtaí Sóisialta, Gnó, nó disciplín gaolmhar.
- Sárscileanna teicniúla, lena n-áirítear:
 - Inniúlacht san asbhaint sonraí agus in iarratais
 - Taithí ar bhogearraí staitistiúla (mar sh. SPSS, R, SAS) le haghaidh anailíse sonraí.
 - Taithí ar léirshamlú sonraí agus uirlisí faisnéise gnó (mar sh. Tableau, Power BI).
- Inniúlacht ardleibhéil le Microsoft Excel (mar sh. táblaí maighdeogacha, VLOOKUPS, foirmlí ardleibhéil).
- Scileanna anailíseacha agus réitigh fadhbanna den scoth le hardleibhéal cruinnis agus aird ar mhionsonraí.
- Scileanna cumarsáide láidre ó bhéal agus i scríbhinn, leis an gcumas faisnéis chasta a chur i láthair go soiléir agus go héifeachtach.
- Cumas chun tionscadail iolracha a bhainistiú, tosaíocht a thabhairt do thascanna, agus spriocdhátaí a chomhlíonadh i dtimpeallacht a ghluaiseann ar aghaidh go tapa.
- Cumas oibriú go neamhspleách agus i gcomhar le foireann.
- Tiomantas do rúndacht agus caighdeán eiticíúla a choinneáil agus sonraí íogaire á láimhseáil.

Inniúlachtaí Feidhmiúla:

- **Anailís Ghnó (Leibhéal Oilteachta 3):** Sárchumas riachtanais an úsáideora a aistriú ina réitigh, doiciméid a phróiseáil tuairiscí a scríobh agus cultúr um fheabhsú leanúnach a chruthú.
- **Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Oilteachta 3):** Eolas cruinn ar na cleachtais is fearr maidir le bainistíocht sonraí agus cleachtais maidir le rialachais sonraí.
- **Athléimneacht Oibríochtúil (Leibhéal Oilteachta 3):** Seasmhacht agus feidhmíocht a choinneáil i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach faoi bhrú. Diongbháilteacht, féinsmacht agus tiomantas a léiriú in aghaidh timpeallachta atá ag athrú nó in aghaidh constaicí.
- **Grinneas Teicniúil (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas maith eolas, scileanna, agus breithiúnas teicniúil a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus a fheabhsú le toradh a bhaint amach nó le tascanna a chur i gcrích go héifeachtach nó chun feidhmíocht eagraíochtúil nó seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú. An cumas smaoineamh ar bhealaí chun forbairtí nua a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht eagraíochtúil nó seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú. Cumas chun treochtaí teoriciúla agus cleachtais ina réimse teicniúil féin a aithint agus ullmhú go héifeachtach do na hathruithe a bhfuiltear ag súil leo. Scileanna teicniúla lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh:
 - Scileanna TF den scoth
 - Ardleibhéal inniúlachta in uirlisí anailíse, lena n-áirítear Excel, Word, PowerPoint, Microsoft Power BI, Tableau, SPSS, srl.
 - Cumas láidir san anailísíocht– an cumas sonraí a thuiscint, aon neamhghnáchaíochtaí nó treochtaí a aimsítear a thabhairt faoi deara agus a thuiscint.

Príomhinniúlachtaí

- **Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas den scoth chun cur chuige dearfach a ghlacadh i leith dul i ngleic leis an obair agus glacadh le hathrú, timpeallacht nuálaíochta agus athraithe a chothú agus rannpháirtíocht chuí geallsealbhoirí i gclár/tionscadail athraithe a chinntiú.
- **Bainistíocht Tionscadail (Leibhéal Oilteachta 1):** Cumas maith chun a chinntiú go bhfuil spriocanna, cuspóir agus critéir rathúlachta tionscadail nó cláir sainmhínithe go soiléir ag an tús, chun róil agus freagrachtaí gaolmhara, seachadtaí agus clocha míle a shoiléiriú agus chun plean tionscadail mionsonraithe a thógáil agus chun monatóireacht chúramach a dhéanamh ar dhul chun cinn ina choinne.

- **Caidrimh a Chothú (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas caidrimh oibre éifeachtach a chothú laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne le comhoibriú agus comhar a spreagadh i réimsí eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach. Cumas bheith ag plé go réamhghníomhach le geallsealbhóirí.
- **Feasacht Eagraíochta (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas den scoth chun tuiscint ar UCD ina iomláine a léiriú, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin agus chun tuiscint a léiriú ar Rangú Ollscoileanna agus ar an Tírdhreach Ardoideachais ina bhfeidhmíonn UCD.
- **Pleanáil agus Eagrúcháin (Leibhéal Oilteachta 3):** An cumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschur a sholáthar de réir achar ama soiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach.
- **Cumarsáid Éifeachtach (Leibhéal Oilteachta 3):** Scileanna láidre idirphearsanta agus cumarsáide, idir scríofa agus ó bhéal.
- **Crítéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe UCD:** Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go bhfuil siad feasach ar chlár oibre an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe.

Inmhianaithe:

- Inniúlacht i gcórais TF.
- Eolas ar rangú ollscoile.
- Scileanna a bhaineann le suirbhéanna a dearadh agus léirmhíniú.
- Eolas ar Tableau, Microsoft PowerBI nó a chomhionann.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2030 Teorainneacha a Shárú:	https://strategy.ucd.ie/
Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid:	https://www.ucd.ie/institutionalresearch/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD:	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	Maura McGinn
Teideal:	Stiúrthóir Thaighde Institiúide
Seoladh r-phoist:	maura.mcginn@ucd.ie